

Stair Áitiúil Baile an Fheirtéirigh agus Deasghnátha Báis - Nuala Tyers (1979)

An Gréasaí: Cuir-sé ceisteanna orm-sa

Bailitheoir: Cuirfe-mé. Bhuel, bhfuil mórán daoine ar an mbaile anois fé cáthair?

An Gréasaí: Mhuise, níl oiread agus nuair a bhíos-sa ag éirí suas. Bhí mórán daoine an uair sin ar an mbaile, mar bhí mórán tithe ann, mórán breis tithe, daoine bochta, iascairithe is mar sin dóibh.

Bailitheoir: Iascairithe ab ea iad ar fad, ab ea?

An Gréasaí: Bhuel, níorbh ea iad ar fad. Bhí feirmeóireacht acu agus iad ag iascaireacht leis⁽¹⁾. Bhí daoine bochta ná raibh aon bhlúire talún acu ach ag iascach nuair a bhíos-sa ag éirí suas. Tá siadsan go léir imithe. Tá siad cailte, tá a fhios agat.

Bailitheoir: Agus bhfuil, bhfuil a gclann fagtha timpeall, nó bhfuilid ar fad...?

An Gréasaí: Ó, tá cuid dá gclann agus cuid acu imithe. Tá a fhios agat, ní fhanann in aon tigh go mbíonn...ach éinne amháin go mbíonn talamh ann. Fanann fear ag an dtalamh is...

Bailitheoir: Pósann sé is...

An Gréasaí: Pósann sé, pósann ga dabht. Sin é an nádúir.

Bailitheoir: Agus an bhfuil, bhfuil i bhfad níos mó tithe anso anois seachas mara bhíodh nó...?

An Gréasaí: Níl mhuis, h'ocht gcinn de thithe is dóigh liom atá anois ann. Agus bhí mórán tithe breis roimis sin ann, nuair a bhíos-sa ag éirí suas.

Bailitheoir: Agus an mbíodh puinn talún anois ag na feirmeóirí, abair?

(1) Cur isteach an bhailitheóra.

An Gréasaí: Ó bhíodh, bhíodh abair, bhíodh hocht gcinn déag de bha ag cuid acu; is sé cinn déag; cuid acu a h-ocht is a naoi bha. Tá breis bha anois ann ná raibh an uair sin. Tá...

Bailitheoir: Agus an mb..., abair, an mbeadh ainmneacha anois ar na goirt acu nó...

An Gréasaí: Bhíodh ainm ar ngach aon ngort. Tá ainm agam-sa ar ngach aon ngort dá bhfuil agam.

Bailitheoir: An bhfuil?

An Gréasaí: Tá

Bailitheoir: Cén saghas ainmneacha a bheadh agat orthu?

An Gréasaí: An pháirc mhór; Páirc Bhruic; Páirc an Chasáin; An t-Oileán Íochtarcach; Imeachall Aindriú; an Sliabh Iachtarcach agus an Duéanna.

Bailitheoir: Agus cad, cad fé ndeara dom saghas? Cad as a tháinig na hainm...? Conas a chuiris na h-ainmneacha san orthu anois?

An Gréasaí: Ó bhíodar air romham.

Bailitheoir: Agus an mbíodh ainmneacha ar na bóithre is...?

An Gréasaí: Bhíodh. Bóthar an Choillteán, Bóthar na nGort nDubh, Bóthar Árd na Caithne... agus mar sin ar na bóithre.

Bailitheoir: Sea!, Sea!

An Gréasaí: Agus ar na boithrín[t]í caola a bhí ag dul isteach go dtí an dtalamh.

Bailitheoir: Ach an mbíodh ainmneacha mar sin, anois, ag gach éinne (ar, ar) ar a Ghoirt fhéin, nó...?

An Gréasaí: Ó bhíodh, bhíodh ambasa, bhíodh.

Bailitheoir: Ach nós fé leith ag baint leis an áit seo, ab ea, nó?

An Gréasaí: Sin é an nós. Bhuel, ní fheadaraís cad é an gort go mbeadh do chuid stoic ann mara mbeadh ainm agat agat ar an dtalamh, abair tá said siar thar an mbaile anois. Gort an Leasa, Páirc Uachtarach agus mar sin doíbh.

Bailitheoir: Sea, ach, ní mar sin a bhíonn sna cathracha in aon chor, ní bhíonn...

An Gréasaí: Aye;...sna cathracha ach an tsráid, an tsráid, an tsráid. Ach bhuel, tóg an Daingean: tá ainm ar ar ngach aon tsráid. Tá an tSráid Mhór, bhuel, glaonn said ar as Béarla “Green Street”, Sráid Eoin, sé sin, John Street, agus Bóthar an Spa, Spa Road, agus Cé Siar, Strand Road a ghlaonn siad air, agus tá Goat Street ann⁽²⁾.

Bailitheoir: Conas go dtugadh Goat Steet air?

An Gréasaí: O’ambaiste, is dócha é bheith ina ghabhair⁽³⁾.

Bailitheoir: Bhfuil an Daingean aithrithe ana mhór ó...?

An Gréasaí: Tá, bhuel, tá athrú mór ann. Alright, tá. Oh, ba dheise na daoine a bhí ann lem linnse.

Bailitheoir: Ab ea?

An Gréasaí: Yera, gan amhras, yera b’ea. Is mó Gaolainn a bhíodh ann. Na sean daoine go léir, Gaelainn a bhí acu.

Bailitheoir: Yea, Ní bhíodh aon Bhéarla ar súil, an mbíodh?

An Gréasaí: Ní bhíodh, Gaelainn ar fad ag na sean daoine a bhí ann lem linnse...mar mórán acu, isteach ón dtúath a chuardar in san bhaile mór; an duigeann tú chun maireachtaint is bhí Gaelainn acu.

Bailitheoir: Ó Sea.

An Gréasaí: An dtuigeann tú.

Bailitheoir: Tuigim.

An Gréasaí: A, a bhuel, daoine deasa atá ann go deimhin...Sea, anois, aon ní eile atá [bh]uait, iascach ná faic?

Bailitheoir: An mbídís ag iascach anois, like, iad fhéin nó an mbíodh dreamanna acu ag imeacht amach?

An Gréasaí: Ó bhíodh dreamanna acu, Bhuel, bhíodh triúr sa..., namhóg a ghlaomís-na orthu, an dtuigeann tú, curracha, triúr ins ngach aon churrach, ag iascach. Bhíodh, bhídís ag iascach ach b’shin í an iascach chruaidh an uair sin.

Bailitheoir: Cad as a dtéidís amach anois?

⁽²⁾Gáirí

⁽³⁾Gáirí

An Gréasaí: Ó Bheal Bán, anseo thoir, théidís ó Ríneach ansan theas agus ó Bhaile na nGall. Dúinín, sin é an áit an Feothanach, luas an Bhodaigh.

Bailitheoir: Luas an Bhodaigh? Cá bhfuil sé sin?

An Gréasaí: Tá sé thall mar a bhfuil an Bóthar, tá a fhios agat cá bhfuil an Bóthar?

Bailitheoir: Tá

An Gréasaí: Tommy George

Bailitheoir: An Bóthar, yea, ansan thuas.

An Gréasaí: Yea, tás agat (tá a fhios agat).

Bailitheoir: An dtéadh éinne amach ó árd na caithne...?

An Gréasaí: Ó theadh, Ó Árd na Caithne a théidis amach, ó Bhéal Bán anso thóir agus ón mbaile seo agus ós ngach aon bhaile. Níorbh aon mhaith aon duine nach raibh ag iascach ins an am san.

Bailitheoir: An b'ea? Bhí ana mheas ar...

An Gréasaí: Bhí ana mheas ar an iascaire. Bhuel ní raibh puinn ní eile acu ach an t-iascach, dul go Meiriceá dhuit féin.

Bailitheoir: An dtéadh puinn daoine go Meiriceá?

An Gréasaí: Théadh, ah, théadh – mórán daoine go Meiriceá ón áit seo, mar áit bhocht limistéar bocht ab ea é, sin é, anois, go mba chaithfidís dul ann.

Bailitheoir: Agus a dtagaidís thar n-ais, aon chuid acu?

An Gréasaí: Cuid acu, cuid acu a thagadh agus cuid acu ná tagadh. A bhformhór ná tagadh. Ó thagadh.

Bailitheoir: Ach is dócha go mbídis ag scríobh agus mar sin.

An Gréasaí: Ó bhídís, bhídís go deimhin. Bhídís ag scríobh agus ag cuimhneamh ar a muintir agus...ba mhór le rá acu litreacha i gcomhar na Nollag uatha...Bheadh seic éigin sa litir uatha.

Bailitheoir: An b'ea?

An Gréasaí: Bheadh, i gcomhar na Nollag.

Bailitheoir: Ó tuigim...ach an acu a thagadh thar n-ais, an mbíodh, an daoine difriúla ar fad ab ea iad? ab ea is dócha?

An Gréasaí: A níorbh ea, i ndomhnach níorbh ea, (mara chéile⁽⁴⁾) b'fhéidir go ngeobhfaí focail, ná taitneódh in aon chor leis an mhuintir a bheadh age baile⁽⁵⁾ fo-dhuine.

Tá an tosach an-doiléir, níl an cheist ná tosach na cainte le cloisint. Is í an cheist a bhí ann ná' cad deineah leis an gcorp ar dtús?

B: móis don gcorp ligtear do ar feadh...an...is dócha ceathar uaira chloig ar dtúis. Agus ansan ní bhíonn aon deabhadh orthu in aon chor, bíonn saghas omóis á thabhairt don... gcorp, an dtuigeann tú.

P: Tá fhios agam

B. Agus bíonn na daoine ag seasamh timpeall agus iad an-shlánach ag cuimhneamh siar go raibh sé imithe i ndáiríre anois as a dtigh, abair. Agus araon tosnaíonn na [liútar léatar⁽⁶⁾] [t'reís⁽⁷⁾] ceathar uair a chloig agus tosnaíonn siad ag cuir rudaí i bhfearas.

Well, fadó fadó sa tsaol é seo anois, ní le⁽⁸⁾ gairid. Mar le gairid fágtar in sna leapacha iad, in sa tseomra⁽⁹⁾ anois. Ach roimhe seo ligte amach é in sa chistin ar dhá bhórd, tuigeann tú⁽¹⁰⁾

P.: Tuigim

B.: Sea. Agus bhíd...bhíodh sé an-dheas ar fad...

P.: Yea

B.: agus an-sagheas uaigneach 'dhóigh⁽¹¹⁾ leat gur lá é go mbeadh stáisiún in sa tigh.

P.: Tá fhios a, yea

B.: Bhíodh an corp ar chliathán a tí agus é ligithe amach go deas agus bratacha bán ós a chionn, agus iad siúd cóirithe agus fearasta i slí an-deas⁽¹²⁾ ar fad, ná raghadh smúit ar a gcorp ná aon ní...mm⁽¹³⁾ ...bhídíst ós a chionn.

⁽⁴⁾Cur isteach an bhailitheóra

⁽⁵⁾Gáirí

⁽⁶⁾L':tar l'e:tar

⁽⁷⁾Tar éis

⁽⁸⁾Le. Bíonn an [e] sinithe sa chaint

⁽⁹⁾t'o:moro

⁽¹⁰⁾An dtuigeann tú

⁽¹¹⁾Ba dhóigh

⁽¹²⁾Ana-dheas

⁽¹³⁾Seinim féin an 'mm' sin

P.: Tá fhios agam.

B.: Ansan bhíodh baralintí gléageal geal faoi bhíos agus bheadh aibíd ar a gcorp, mar bheadh sé in órd éigin abair, bheadh sé in órd do [chórda nó in órd dod shlánaitheora⁽¹⁴⁾] nó rud éigin mar sin, agus dá dhréar sin bheadh an aibíd air, aibíd dhonn ba ghnáthaí a bhíodh ar na daoine aosta agus stocaí a...

P.: Stocaí a bhíodh orthu?

B.: Stocaí, sea. Agus bheadh an caipín a bhí ag dul leis an aibíd, bheadh sí sin e b'ráinín⁽¹⁵⁾ ar a bpeilliúr in aice leis a gcorp. Agus bheadh bas an choirp ansan, bheadh...bheidist curtha i i ngléas ina chéile, agus an paidrín istigh ag deireadh na méaranta agus é crochadh go deas síos agus chíféá an chros chéasta ar an aibíd síos ar crochadh in...ina lámha. Agus ansan, nuair a bheadh an méid in síolta, fáлта, fuiraithe, raghadh gach éinne ar a nglúine, agus déarfaí an choróin ar an marbh, abair. Agus ansan, geofaí dhá cheann déag do choinnle agus baileofaí coinnleoirí ar fuaid a bhaile agus cuirfí an dá cheann déag do choinnle ag a bun a bhóird.

P.: Ag a bun a bhóird, ab ea?

B.: Sea, san áit go mbeadh a chorp, i gcionn a chosa, faoi mar a dearaimid. Agus lasfaí aon cheann déag acu agus fágfaí ceann múchta.

P.: Conas, cana thaobh, abair?

B.: Well, is dócha, an dá aspal déag agus is dócha gurb é Judás an ceann a bheadh múchta.

P.: Ah, tuigim, tuigim

B.: Sea, lasfaí ar dtúis é ach mhuchfaí go tapaidh é agus ní bheadh lasta ach aon cheann déag. Sea, am⁽¹⁶⁾ a bhíodh páistí nó aon ní timpeall is minic a bhídíst a muchadh...a...

P.: gan amhras⁽¹⁷⁾

B.: Caithfaí a bheith a lasadh⁽¹⁸⁾

D.: Ach a, a mbíodh mná speisialta anso timpeall anois, chun an ghnó san a dhéanamh? Cuirim i gcás roim...roim a tórrimh, cuirim i gcás?

B.: Roimh a tórrimh tá fhios

⁽¹⁴⁾Nílím ró-chinnté cad tá anseo

⁽¹⁵⁾Bioráinín

⁽¹⁶⁾Nílím cinnte mar gheall air seo

⁽¹⁷⁾An beirt again ag gáire

⁽¹⁸⁾An beirt again ag gáire

B.: Ní bheadh, ní bheadh, ní bheadh, saghas geall do...saghas⁽¹⁹⁾ ...

D.: Oh, tá fhios agam.

B.: Cad a thabharfaidh mé air ab ea é, saghas oibreacha corpartha na trócaire is dócha a leithéad a bheith agat, abair, ceann d'oibre.

P.: Tá a fhios agam.

B.: Sea, a leithéad a bheith agat.

P.: Agus em, abair a mbeadh nósanna faoi leith aiges na daoine anois, ag tórramh, abair, a mbeadh tobac agus pórtar agus...?

B.: Bhí tobac agus píobanna cré, píobanna bána cré...píobanna cré a bhí acu, a yea⁽²⁰⁾ agus pórtar, is iad thíos i mbuicéadaí agus raghfaí timpeall le muga á dhuine go duine agus chíféá gach éinne ag ár...ag árdú chaipín agus ag guí leis an marbh agus an tslí céanna leis a dtobac.

P.: Tá fhios agam

B.: Bheadh duine speisialta ar chathaoir i m... i rith na tráthnóna ag líonadh, ag gearradh thabac agus ag déanamh mion dreabh⁽²¹⁾ do á chuir isteach in sna píobanna. Agus ansan, nuair a bheadh an bosca lán do phíobanna raghfaí timpeall is thógfadh gach éinne píob, is ghuífadh sé le anam a mhairbh agus le anam na marbh go léir, sea.

⁽¹⁹⁾An fhaid is atá an Bhab ag caint anseo tá Donncha ag caint, ach ní féidir liom é a dhéanamh amach.

⁽²⁰⁾Mé féin ag caint anseo ag an am gcéanna.

⁽²¹⁾Nílim cinnte cad tá anseo d'av